

Ag cur sláinte na ndaoine chun tosaí: Ag feabhsú rochtain ar leigheasanna san Eoraip

Is iomaí tíortha san Eoraip gur féidir leo caighdeán arda a chur ar fáil dá saoránaigh, leis na príomhphrionsabail de chomhionannas, dlúthpháirtíocht agus uilíocht ag treorú dearbhú ár gcóras sláinte. Cé go maireann neamhionannais suntasacha maidir le rochtain ar chúram sláinte idir agus laistigh de bhallstáit an Aontais Eorpaigh, go ginéarála is féidir linn a bheith bródúil as ár gcórais chúram sláinte go háirithe i gcompáráid leis an múnla neamhchuimsitheach agus costasach Meiriceánach.

Is comhleas ar mhaithe le folláine na ndaoine é cúram sláinte. Is ceann dár gcearta is bunúsaí agus teastaíonn ón gcuid is mó de na hEorpaigh go ndéanfar níos mó ag an AE do shláinte.¹ Is dualgas na mBall Stát é an ceart seo a bhronnadh ar bhealach neamhleatromach.² Fós féin, le blianta beaga anuas ligeadh táirgeadh agus praghasú leigheasanna nua titim faoi shár-loigic brabús dhá-dhigit.

Tá go leor córais sláinte san AE ag fulaingt mar gheall ar iarmhairtí pholasaithe neamhchothrom tionsclaíochta agus mhaoine intleachtúla san earnáil cógaisíochta, atá tiomanta den chuid is mó i dtreo fás na ngeilleagair Eorpacha agus brábúis seachas i dtreo rochtain na ndaoine ar choir leighis ardchaighdeánach agus inacmhainne a chinntiú. San Eoraip agus ar fud an domhain, tá praghasanna na leigheasanna nua ag ardú go tapa, rud a chuireann brú airgeadais mór ar na córais sláinte phoiblí.³ Mar toradh ar sin, tá an méid ag dul in airde de chóireálacha do ionfhabhtaithe agus galair bagrach don bheatha, ailse agus heipitíteas C in a measc, atá doacmhainne do dhaoine aonaracha agus córais sláinte náisiúnta.

‘Sé sin de bharr córas thaighde agus fhorbairt (T&F) neamhéifeachtach agus costasach lena mbaineann luaíocht le leigheasanna nua le monaplachtaí i bhfoirm cosaint paitinne le **nach gcothaítear iomaíocht shláintiúil agus nach spreagtar fíor-nuálaíocht.**⁴ Ligtear leis an gcóras reatha do chomhlachtaí praghasanna iomarcacha a chur lena dhíscítear achmhainní sláinte phoiblí gur féidir a chaitheamh ar aidhmeanna eile. Anuas ar sin, cuireann sé inbhuanaitheacht na gcóras sláinte phoiblí san Eoraip i gcontúirt.⁵

Caithfear bearta práinneacha a thógaint le cinntiú go bhfuil rochtain ag rialtais agus saoránaigh ar, agus gur féidir leo íoc as, na leigheasanna nuálacha atá uathu. Príomhchéim é infheistíocht a dhéanamh i gcomhroinnt feasa agus taighde comhoibríoch. Tá céimeanna tógtha ag an AE cheana i dtreo lena chothaítear gcomhroinnt feasa agus comhoibriú sa phróiseas taighde agus a chuireann eolaíocht oscailte agus nuálaíocht oscailte chun cinn. Fós féin caithfear T&F.

1. Ba mhaith le 70% d'Eorpaigh go ndéanfaidh an AE níos mó don sláinte, dar le suirbhé Eurobarometer a rinneadh i Márta 2017. www.europarl.europa.eu

2. Is ceann de na 20 príomhphrionsabal de Cholún Chearta Sibhialta an AE: www.ec.europa.eu/commission/priorities

3. Dar le meastúchain ó staidéar a rinneadh i 2016, beidh costas breis is buiséad chóras na n-ospidéal poiblí i bPáras ar choir a thabhairt do 55% de na daoine buailte ag heipitíteas C www.unsgaccessmeds.org

4. Forbairt RVS de leigheasanna nua. Níos fearr, níos tapúla, níos saoire .2017 <https://www.raadrvs.nl/documenten/publications/2017/11/09/dvelopment-of-new-medicines---better-faster-cheaper>

5. Collier R. Drug development cost estimates hard to swallow. *Canadian Medical Association Journal*. 2009;180(3): 279. Ar fail ó: www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC2630351
Prasad V, Mailankody S. Research and Development Spending to Bring a Single Cancer Drug to Market and Revenues After Approval. *JAMA Intern Med*. 2017;177(11):1569–1575. doi:10.1001/jamainternmed.2017.3601 Ar fail ó: www.jamanetwork.com/journals
Médecins Sans Frontières. Lives on the Edge: Time to Align Medical Research and Development with People's Health Needs. May 2016. Leathanach 13. Ar fail ó: www.msfaaccess.org/sites/default/files/R&D_report_LivesOnTheEdge_Updated29Sept_ENG_2016.pdf

Is deis iad toghcháin na hEorpa atá le teacht daoine agus a riachtanais a chur i gcoírlár dhéanamh-pholásaithe na hEorpa agus cur chun chinn na bpolasaithe iúd. Is bealach é sin ar mhúinín shaoránaigh na hEorpa a athbhunú go gcuireann an tAontas Eorpach chun críche na rudaí is tabhachtaí dá saoránaigh.

Tá polasaithe Sláinte agus T&F ríthábhachtach do rath tionscadal na hEorpa. Chun saoránaigh a chur i gcoírlár dhéanamh-pholásaithe sa réimse seo, caithfidh na saincheisteanna a leanas a chur chun tosaí ar chlár an chéad Pharlaimint na hEorpa eile agus An Coimisiún Eorpach nua:

Toradh Poiblí ar infheistíocht phoiblí

Ba chóir go n-áirítear infheistíocht airgead na gcáiníocóirí i T&F bithleigheis toradh poiblí agus leas sochaíoch. Ní mór d'infheistíocht an AE a bheith tiománta ag riachtanais shláinte phoiblí ar mhaithe le inrochtaineacht, infhaighteacht agus inacmhainneacht na dtorthaí T&F a chinntiú. Ní mór glacadh le eolaíocht oscailte, sonraí oscailte agus rochtain ar fhoilsiúcháin san áireamh, mar cleachtas caighdeánach.

Iomaíocht shláintiúil agus trádáil

Ba chóir don AE a chóras chearta mhaoine intleachtúla (CMI) a athchóiriú ar mhaithe le cothromaíocht shláintiúil a chinntiú idir leasanna príobháideacha agus an leas poiblí. Tá iomaíocht ríthábhachtach do nuálaíocht a chur chun chinn; ba chóir don AE iomaíocht chothrom a chinntiú tré iompair frithiomaíocha a sheachaint agus a smachtbhannú. Níos faide arís, ní mór don AE gan trádáil chaighdeán neamhchothrom CMI a dhéanamh agus polasaithe trádála a thacaíonn le sláinte domhanda a chur i bhfeidhm.⁶

6. Ní mór úsáid sholúbthachtaí TRIPS a fheabhsú anseo agus a chur chun cinn thar lear.

Forbraíodh an forógra seo laistigh de
**European Alliance for
Responsible R&D and Affordable Medicines**

Eagrúcháin Tacúla



Córas T&F inbhuanaithe

Caithfidh an tAE agus na ballstáit iomaíocht sláintiúil a chothú agus fíor-nuálaíocht a spreagadh ar mhaithe le córas inbhuanaithe do rialtais agus othair a chruthú. Ba chóir imscrúdú a dhéanamh ar mhúnlaíthe T&F nua bunaithe ar phrionsabail eolaíocht oscailte, cósúil le;

- (1) dícheangal idir a) leigheasanna a fhorbairt ag tnúth le praghasanna arda, b) costais T&F bunaithe ar phraghasanna na leigheasanna
- (2) duaiseanna spreagadh nuálaíochta
- (3) ceadúnú atá freagrach go sóisialta, agus
- (4) taighde acmhainní oscailte

trí chláir píolótacha, staidéir féidearthachta agus scéimeanna cistiúcháin nua.

Fíor-nuálaíocht agus Sláinte Othar

Caithfidh na leigheasanna nua nuálaíochta a bheith níos teiripí ná na leigheasanna atá ann cheana féin. Caithfidh caighdeán arda d'fhianaise eolaíochta a chothabháil agus a chur chun chinn le haghaidh ceadúnú margaíochta i gcomhar táirgí nua. Caithfidh follasacht shonraí thriail chliniciúil agus monatóireacht ar shábháilteacht chógaisíocht a fheabhsú. Caithfidh comhoibriú an AE ar Mheasúnú Theicneolaíocht Sláinte a threisiú de réir an leibhéal is airde d'fhollasacht, neamhspleáchas, cinntí ar bhonn fianaise agus gan aon coinbhleacht leasa.